

Meabhrán Tuisceana (MT) idir

An tOmbudsman agus an tOmbudsman do Leanaí

1. Cúlra

1.1 Seo a leanas na páirtithe sa MT:

- an tOmbudsman agus Oifig an Ombudsman (OO), bunaithe faoin

Acht Ombudsman 1980 (Acht 1980); agus

- an tOmbudsman do Leanaí agus Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL),

bunaithe faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 (Acht 2002).

1.2 Ag feidhmiú faoi Acht 1980, déanann an OO imscrúdú ar ghearáin i gcoinne comhlachtaí poiblí áirithe. Ag feidhmiú faoi Acht 2002, déanann an OOL imscrúdú ar ghearáin i gcoinne comhlachtaí poiblí áirithe, lena n-áirítear scoileanna agus ospidéal dheonacha.

1.3 Faoi Acht 1980 agus Acht 2002, eascraíonn imscrúduithe as cásanna ina ndéantar gearán faoi ghníomh “a rinne dochar nó arbh fhéidir go ndearna sé dochar” do dhuine. I gcás an OOL, leanbh atá i gceist leis an té a ndearnadh dochar dó/di; i gcás an OO tá ciall níos leithne le “duine” a ndearnadh dochar dó/di agus cuimsítear aon duine nádúrtha nó aon aonán corparáideach sa chiall

sin. Leasaíonn Acht 2002 Acht 1980, ámh, agus foráiltear nach féidir leis an OO imscrúdú a dhéanamh ar aon ghníomh a bhfuil feidhm ag alt 8 d'Acht 2002 ina leith, eadhon, gníomh a rinne dochar nó arbh fhéidir go ndearna sé dochar do leanbh. Is léir gurb é rún an Oireachtais mar sin, i gcás go raibh aon ghníomh ann a rinne comhlacht poiblí a rinne dochar do leanbh, nó arbh fhéidir go ndearna sé dochar do leanbh, gurb í OOL agus ní OO a dhéanfaidh imscrúdú ar an gcás áirithe sin.

1.4 Beidh cásanna ann, ámh, ina ndearnadh dochar, nó inarbh fhéidir go ndearnadh dochar, do leanbh agus do dhuine fásta araon. Forálann an MT seo do bhonn le haghaidh an chomhoibrithe fheabhsaithe chun dul i ngleic agus déileáil go cuí leis na cásanna sin. Cuireann an MT seo leis an idirchaidreamh agus leis an gcomhairliúchán faoi ghearáin a bhí ann cheana féin idir an dá Oifig ar bhonn neamhfhoirmiúil. D'imigh an bheirt Ombudsman sa MT seo d'fhonn cur leis an gcomhthiomantas ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir ar mhaithe le leas an phobail.

2. Cuspóir an Mheabhráin

2.1 Ceapadh an MT seo chun cur leis an gcomhsheasmhacht idirghníomhaireachta idir an dá Oifig agus scrúdú agus imscrúdú á dhéanamh ar ghearáin, ar gearáin iad a bhfuil údarás ag ceachtar den dá Oifig nó ag an dá Oifig araon maidir leo. D'fhonn dúbláil oibre a sheachaint agus chun scrúdú agus imscrúdú gasta, éifeachtach a dhéanamh, déanfaidh an dá Oifig, faoin MT seo:

- Comhchumarsáid agus comhoibriú a chothú;
- An leas is fearr a bhaint as na hacmhainní poiblí atá ar fáil don dá Oifig faoi seach;
- Daingniú ar na socruithe praiticiúla chun déileáil le gearáin ar féidir le ceachtar den dá Oifig scrúdú/imscrúdú a dhéanamh orthu;
- Mianta agus leas is fearr na ngearánach a choinneáil ag croílár na gcinntí maidir le cén oifig ag a bhfuil an t-údarás i leith gearáin; agus
- Monatóireacht ar éifeachtacht na socruithe oibre comhoibríocha.

3. Raon an MT

3.1 Cuimsíonn an MT seo comhúdarás nó údarás nasctha i ndáil leis na feidhmeanna imscrúdúcháin ag an OO agus ag an OOL i gcás go bhfuil gá cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu ar chóir scrúdú/imscrúdú ar ghníomh líomhnaithe i gcur i bhfeidhm feidhm riaracháin a dhéanamh faoi Acht 1980 nó faoi Acht 2002.

3.2 Agus cinneadh á dhéanamh ag an OO agus ag an OOL maidir le cén oifig a dhéanfaidh imscrúdú ar an ngearán, seo a leanas na gnéithe a mbeadh OO agus an OOL ag súil lena gcur san áireamh:

- cén Oifig Ombuds is fearr sna cúinsí áirithe atá i gceist chun an t-imscrúdú is éifeachtaí a dhéanamh, lena n-áirítear cén Oifig ag a bhfuil an t-eolas nó an taithí áirithe a bhaineann le hábhar na saincheisteanna ag eascairt ón ngearán;
- cén Oifig Ombuds is fearr a bheadh in ann réiteach níos éifeachtaí a sholáthar, lena n-áirítear feidhm an OOL faoi Alt 7 d'Acht 2002 a chur san áireamh – feidhm maidir le cothú ceart agus leas leanaí; agus
- aon tuairimí nó roghanna arna gcur in iúl ag an ngearánach.

3.3 Aontaíonn an OO agus an OOL, faoin MT seo, leanúint leis an socrú atá ann cheana féin idir na hOifigí go ndéanfaidh an OO scrúdú agus imscrúdú ar ghearáin indibhidiúla maidir le híoc liúntas agus deontas áirithe arna ndéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí i ndáil le leanaí, mar shampla – íocaíochtaí reachtúla nó lánroghnacha sochair leanaí, liúntas cúraim baile, íocaíochtaí do riachtanais eisceachtúla faoin scéim um liúntas leasa forlíontach, íocaíochtaí faoin scéim liúntais d'éadaí agus bróga scoile, liúntas/sochar do chúramóirí, sochar uchtála, ranníocaíocht na híocaíochta do chaomhnóirí, sochar máithreachais agus sochar sláinte & sábháilteachta.

4. Comhairliúchán agus idirchaidreamh idir na hOifigí

4.1 Tá an OO agus an OOL tiomanta de a chinntiú go ndéanfar déileáil ghasta, chomhoibritheach le haon cheist faoi cén Oifig ag a bhfuil an t-údarás i gcás áirithe, agus déanfar seo ar bhealach a chuirfidh leas is fearr an ghearánaigh san áireamh.

4.2 I gcás go bhfaighidh ceachtar den dá oifig, an OO nó an OOL, gearán a thagann faoi raon údaráis na hOifige eile le himscrúdú a dhéanamh air, déanfaidh an oifig sin, le toiliú an ghearánaigh, an gearán a atreorú chuig an Oifig iomchuí.

4.3 I gcás go gcinntfidh an OO agus an OOL, tar éis comhairliúcháin, go mbeadh sé níos oiriúnaí don Oifig eile an scrúdú/an t-imscrúdú a dhéanamh ar ghearán a thagann faoi údarás ceachtar den dá oifig le himscrúdú a dhéanamh air, féachfaidh an Oifig atá ag déanamh an atreoraithe le toiliú an ghearánaigh a fháil sula ndéanfar an gearán a phróiseáil dá réir.

4.4 I gcásanna eisceachtúla ina mbeidh ar an dá Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ag eascairt ó ghné áirithe de ghearán amháin, tá an dá Ombudsman tiomanta de go mbeadh comhoibriú ann a mhéid i féidir laistigh den reachtaíocht lena rialaítear Ombudsman. I gcás gur féidir eolas nó doiciméid a roinnt idir na hOifigí, chun críche scrúdú nó imscrúdú a dhéanamh ar na cásanna sin, caithfear leis an eolas sin mar eolas faoi rún. Sna cásanna sin, an cleachtas a bheidh i bhfeidhm ag gach ceann de na hOifigí ná comhairle a chur ar an gcomhlacht poiblí nó an tríú páirtí atá i gceist maidir leis an rún atá ann eolas nó doiciméid a roinnt ar an mbealach seo.

4.5 Urramóidh gach ceann de na hOifigí rúndacht an eolais arna mhalartú faoin MT seo agus a fuarthas faoi chumhachtaí reachtúla na hOifige eile agus a bhaineann le haon duine a bhfuiltear á b(h)reithniú faoi Acht 1980 nó Acht 2002. Cloífidh gach ceann de na hOifigí le haon oibleagáidí maidir le neamhnochtadh atá ina cheangal ar an oifig eile agus le haird chuí ar na ceanglais a bhaineann le rúndacht i reáchtáil aon imscrúdaithe de bhun Alt 9 d'Acht 1980 agus Alt 16 d'Acht 2002. Seachas sin caithfear leis an ábhar sin mar ábhar faoi rún.

4.6 De ghnáth, i gcás an chinnidh cibé acu ar chóir don OO nó don OOL déileáil le gearán ar leith, déanfar an cinneadh sin go luath tar éis an gearán a fháil nó tar éis aon eolas breise a fháil a raibh gá leis chun tuiscint shoiléir a fháil ar an ngníomh riaracháin is ábhar don ghearán. Déanfaidh an OO agus an OOL a ndícheall bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le cén oifig ag a bhfuil an t-údarás laistigh de thréimhse 3 seachtaine ó fháil an ghearáin. I ngach cás, eiseofar litir maidir leis an atreorú idir na hOifigí chun go mbeidh taifead ann den chinneadh doiciméid faoin ngearán a aistriú, chun críche na próiseála.

4.7 Ainmneoidh gach ceann de na hOmbudsmána beirt a fheidhmeoidh ina n-oifigigh idirchaidrimh, daoine atá fostaithe ag leibhéal an imscrúdaitheora nó a choibhéis, ina nOifigí féin, chun monatóireacht a dhéanamh ar shocruithe comhoibríocha arna ndéanamh faoin MT seo agus chun iad a chur i bhfeidhm.

5. Dáta Feidhme agus Athbhreithniú

5.1 Beidh éifeacht ag forálacha an MT seo ón 2 Aibreán 2012

5.2 Déanfaidh an bheirt Ombudsman athbhreithniú ar an MT seo tar éis 12 mhí nó de réir mar a iarrfaidh ceachtar Ombudsman.